

Iar-bhunscoileanna – teagasc agus foghlaim**RÉIMSE 2: EISPÉIRIS FOGHLAIMEOIRÍ**

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH	RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH
Bíonn daltaí rannpháirteach ar bhealach fóinteach i ngníomhaíochtaí foghlama bríche	Baineann daltaí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun faisnéis a aimsiú agus a mhalartú d'fhonn tuiscint a fhorbairt agus d'fhonn tacú le cruthú eolais bhunúsach.	Baineann daltaí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha éagsúla an chruthaithe eolais chun faisnéis a aimsiú, a mheas agus a bhainistiú agus chun machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim.
Fásann daltaí mar fhoghlaimoirí trí idirghníomhaíochtaí agus eispéiris mheasúla atá idir dhúshlánach agus thacúil	<p>Bíonn na hidirghníomhaíochtaí digiteacha, idir na daltaí féin agus idir na daltaí agus na múinteoirí, idir mheasúil agus dhearfach agus cuidíonn siad leis an bhfolláine.</p> <p>Baineann daltaí úsáid mhuiníneach as teicneolaíochtaí digiteacha chun cur lena n-eolas trí pháirt a ghlacadh i ndioscúrsa poiblí agus i rannpháirtíocht shibhialta chuí.</p>	<p>Bíonn na hidirghníomhaíochtaí digiteacha, idir na daltaí féin agus idir na daltaí agus na múinteoirí, idir mheasúil agus dhúshlánach, agus tacaíonn siad le folláine gach dalta.</p> <p>Baineann daltaí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun eolas a chur in iúl, a thiomsú agus a chomhchruthú go measúil trí pháirt ghníomhach i ndioscúrsa poiblí agus i rannpháirtíocht shibhialta chuí.</p>
Déanann daltaí machnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimoirí agus forbraíonn siad úinéireacht áirithe ar a bhfoghlaim agus freagracht áirithe aisti	Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, a ndul chun cinn a thaifeadh agus machnamh a dhéanamh air, agus a n-inniúlacht a fhorbairt mar fhoghlaimoirí féinstiúrtha.	Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun a n-inniúlacht a fhorbairt ar bhonn cruthaitheach criticiúil mar fhoghlaimoirí neamhspleácha féinstiúrtha, agus is féidir leo spriocanna pearsanta bríocha a leagan amach don fhoghlaim amach anseo.
Faigheann daltaí tairbhí ar dheiseanna chun na scileanna agus na meonta atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt	Bíonn deiseanna ag daltaí a n-inniúlacht dhigiteach a úsáid i gcásanna nó i gcomhthéacsanna nua agus bíonn tuiscint atá oiriúnach dá n-aois acu ar conas is féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach cabhrú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.	Úsáideann daltaí a n-inniúlacht dhigiteach ar bhealaí nuálacha i gcásanna nó i gcomhthéacsanna nua, forbraíonn siad réitigh agus/nó táirgí nua ar bhealach cruthaitheach, agus samhlaíonn siad go leanfaidh siad ar aghaidh san oideachas agus san oiliúint leanúnach.